Gael-Choláiste Chill Dara

Seanbhóthar Luimnigh
Nás na Ríogh
Co Chill Dara W91 E282
Rolla 68072I
Fón/faics 045 898294
www.gccd.ie

22 Meitheamh 2017

A thuismitheoirí / a chaomhnóirí, a chairde

Ag an am seo den bhliain ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl do phobal an Ghael-Choláiste, agus daoibhse a thuismitheoirí agus a chaomhnóirí as bhur dtacaíocht uilig i rith na bliana. Ba mhaith liom gach rath a ghuí ar rang 2017, cuid acu críochnaithe scrúduithe na hArdteistiméireachta inniu agus beidh siad uilig críochnaithe faoin Aoine 24 Meitheamh. Ba mhaith liom a ndíograis a aithint agus a mholadh i rith thréimhse na scrúdaithe. Bhí an díograis céanna le feiceáil i measc daltaí bliain 3 le linn na scrúdaithe. Is iad an grúpa is mó Teastais Shóisearaigh a bhí againn chuige seo agus thapaigh go leor acu gach deis breis staidéir a dhéanamh i rith na sosanna.

Rinneadh an-chuid oibre ar an gCód Iompair i mbliana buíochas le Comhairle na nDaltaí, Comhairle na dTuismitheoirí, an Coiste Gaelach, oidí ranga agus an fhoireann. Is cáipéis bheo í an cód iompair agus dá bharr sin is féidir léi athrú ag am ar bith. Cuirfear aon athrú in iúl do phobal na scoile. Tá cóip den leagan is úire faoi iamh. Gabhaimid buíochas libh as bhur dtacaíocht leis an gcód iompair agus **dírimid bhur n-aird ar thábhacht riail na Gaeilge, dialann na ndaltaí, éide scoile, úsáid na dtaisceadáin, fóin phóca agus tinreamh, poncúlacht agus rannpháirtíocht.**

Bhuail an fhoireann cúraim le chéile go rialta i rith na bliana agus tá beartas faofa ag an mBord Bainistíochta. Tá litir faoi iamh maidir leis an gcur chuige i gcás go dtarlódh tragóid.

Pléadh beartas um dháileadh leighis i mbliana. Arís tá muid an-bhuíoch as ionchur Chomhairle na dTuismitheoirí agus baill den Bhord Bainistíochta i scríobh an bheartais seo. Maraon le sin thug Comhairle na dTuismitheoirí tacaíocht airgeadais chun baill foirne a thraenáil. Ag deireadh mhí Bhealtaine traenáladh 17 bhall foirne i CPR, in úsáid dífhibrileora, i ndáileadh glúcagóin agus i leigheas d'anaifiolacas. Tá sé ríthábhachtach go bhfuil an scoil ar an eolas faoi aon chúram leighis nó ailleirgé. Le sin tá sonraí an bheartas faoi iamh.

I rith na scoilbhliana rinneadh cuid athpheinteáil ar sheomraí ranga, pasáistí agus ar seomraí leithris na ndaltaí, leanfaidh an athpheinteáil i rith an tsamhraidh. Ar barr sin tosófar obair ar dheilight a chur i seomra 33 chun seomra ranga breise a chur ar fáil dúinn don bhliain seo chugainn. Le tacaíocht airgeadais ó Choiste na dTuismitheoirí agus ó thuismitheoirí / chaomhnóirí na scoile déanfar neart oibre ríomhaireachta sa scoil i rith an tsamhraidh, idir threalamh nua, córas wifi agus suíomh Idirlín uasdátaithe.

Agus an scoil ag fás cuirim i gcuimhne daoibh moladh an bhoird bainistíochta maidir le bainistiú tráchta: **tá cosc ar charranna tuismitheoirí agus caomhnóirí chun daltaí a fhágail is a bhailiú roimh nó tar éis scoile.** Moltar do thuismitheoirí agus caomhnóirí ionad fágtha is bailithe slán oiriúnach eile a phlé is a roghnú lena bpáistí atá laistigh d'achar siúlóide ón scoil. Laghdóidh sé seo go mór na brúnna trachta agus feabhsóidh sé le sábháilteacht sa charrchlós agus ag an ngeata iontrála dár ndaltaí agus do choisithe eile. Táimid an-bhuíoch as bhur gcabhair leis an ábhar seo.

Beidh oifig na scoile dúnta idir 10 Iúil agus 16 Lúnasa 2017.

Guím samhradh slán sabháilte oraibh uilig.

Is mise le meas

Amanda Ní Dhuibhir

Amanda Ní Dhuibhir, Príomhoide

Gael-Choláiste Chill Dara

Seanbhóthar Luimnigh
Nás na Ríogh
Co Chill Dara W91 E282
Rolla 68072I
Fón/faics 045 898294
www.gccd.ie

22 Meitheamh 2017

A thuismitheoirí / a chaomhnóirí, a chairde

At this time of the year I would like to extend our thanks to the Gael-Choláiste community and to you the parents and guardians for all of your support during the year. I wish the class of 2017 every success, some of the class have already completed all of their exams, all students will be finish on Thursday 23 June. I would like to acknowledge and commend their dedication during the examination period. The third year students also displayed the same dedication. They are the biggest Junior Certificate class so far and a number of them availed of every opportunity for further revision during the breaks before exams.

The Code of Behaviour was reviewed during the year, thanks to the input of the Student Council, the Parent's Association, the Coiste Gaelach, tutors and staff. It is a live document and therefore can change at any time. Any changes will be conveyed to the school community. The latest version is enclosed for your information. Again we thank you for supporting the Code of Behaviour and **we ask you to pay particular attention to the importance of riail na Gaeilge, the student diary, school uniform, use of lockers, mobile phones and attendance, punctuality and participation.**

The care team met regularly during the year and the Board of Management approved a Critical Incident Plan. We enclose a letter regarding procedures should a critical incident occur.

An Administration of Medication Policy was discussed during the year. Once again we are very grateful to the Parent's Association and to members of the Board of Management for their input in the writing of the policy. The Parent's Association also financially support the staff members. By the end of May 17 staff members were trained in CPR, use of defibrillator, administration of glucagon and of anaphylaxis medication. It is of extreme importance that the school be made aware of any required medications or allergies. We enclose the policy document.

Some classrooms, corridors and student toilets were painted during the year, repainting will continue during the summer. Work will begin on partitioning room 33 in order to provide an extra classroom for next year. With financial donations for the Parent's Association and parents / guardians IT work will take place during the summer to include some new computers, installation of wifi and an updated website.

As the school continues to grow I would like to remind you of the Board of Management's recommendation on traffic management **parents/guardians who drop and collect students by car before or after school will no longer be allowed entry to school car park**. We advise that parents discuss and choose a safe and suitable drop-off and collection point with their child that is within walking distance of the school. This will greatly reduce the traffic pressures and improve safety in the car park and at the entrance gate for our students and other pedestrians. We greatly appreciate your assistance in this matter.

The school office will be closed between 10 July and 16 August 2017. I wish you all a happy and safe summer.

Is mise le meas

Amanda Ní Dhuibhir

Amanda Ní Dhuibhir, Príomhoide